CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 51/23
Lucsamburg, an 21 Márta 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-100/21 | Mercedes-Benz Group (Dliteanas déantóirí feithiclí a bhfuil feistí sáraithe acu)

# Tá sé de cheart ag ceannaitheoir mótarfheithicil atá feistithe le feiste sháraithe neamhdhleathach cúiteamh a fháil ón déantóir feithicle i gcás ina ndearna an fheiste sin damáiste don cheannaitheoir

*Cosnaítear le dlí an Aontais, de bhreis ar leasanna ginearálta, leasanna ar leith an cheannaitheora aonair mótarfheithicle vis-à-vis déantóir na feithicle sin i gcás ina bhfuil feiste sháraithe toirmiscthe feistithe ar an bhfeithicil sin*

Tá imeachtaí le haghaidh damáistí i gcoinne Mercedes-Benz Group ag duine aonair (QB) os comhair Chúirt Réigiúnach Ravensburg (an Ghearmáin). Lorgaítear cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear a chothaigh Mercedes-Benz Group trí mhótarfheithicil díosail, arna ceannach ag QB, a fheistiú le bogearraí lena laghdaítear ráta athshruthaithe gáis sceite nuair atá teochtaí seachtracha faoi bhun tairseach áirithe. Tá toirmeasc ar fheiste sháraithe dá leithéid, a mbíonn méadú ar na hastaíochtaí ocsaíde nítrigine ($NO_x$) mar thoradh uirthi, faoi Rialachán Uimh. 715/2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála.

Faoi dhlí na Gearmáine, i gcás fhaillí aonta, féadfaidh ceart chun cúiteamh a fháil a bheith ann más rud é gur déanadh sárú ar dhlí chun daoine eile a chosaint. Dá bhrí sin, iarrann an breitheamh Gearmánach an gcaithfear forálacha ábhartha Threoir 2007/46 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí a cheadú ("Treoir Réime") arna léamh i gcomhar le Rialachán Uimh. 715/2007 a léiriú ar chaoi go cosnaítear leasanna ar leith ceannaitheora aonair feithicil dá leithéid. I dtaca le ríomh an méid cúitimh a d'fhéadfadh a bheith dlite do QB, is mian le Cúirt Réigiúnach Ravensburg a fháil amach an bhfuil sé riachtanach, chun éifeacht phraiticiúil a thabhairt do dhlí an Aontais, nach ndéanfaí an tairbhe a bhaintear as úsáid na feithicle a fhritháireamh i gcoinne an chirt seo chun cúiteamh a fháil nó go ndéanfaí amhlaidh go pointe teoranta.

Ina breithiúnas, míníonn an Chúirt gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé na measúnuithe fíorasacha is gá a dhéanamh chun a bhunú an gcáileofaí na bogearraí atá faoi chaibidil mar fheiste sháraithe de bhrí Rialachán Uimh. 715/2007 agus más féidir údar a thabhairt lena n-úsáid faoi cheann de na heisceachtaí dá bhforáiltear sa Rialachán sin[1].

I dtaca leis na leasanna arna gcosaint le Rialachán Uimh. 715/2007, anuas ar an gcuspóir ginearálta maidir le hardleibhéal cosanta don chomhshaol a áirithiú, cuireann an Chúirt an creat rialála ní ba leithne maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí laistigh den Aontas ar cuid den Rialachán sin freisin é san áireamh. Ar an gcuma seo,

[1] Féach, chuige sin, breithiúnais na Cúirte an 14 Iúil 2022, GSMB Invest, C-128/20 (féach CP Uimh. 124/22), agus an 17 Nollaig 2020, CLCV agus páirtithe eile. (Feiste sháraithe innill díosail), C-693/18 (Féach CP Uimh. 170/20).

tugann an Chúirt chun cuimhne nach mór do na feithiclí a faoi chineálcheadú CE; ní fhéadfaí é sin a dheonú ach amháin dá gcomhlíonfadh an cineál feithicle forálacha Rialachán Uimh. 715/2007, go háirithe iadsan a bhaineann le hastaíochtaí. Anuas ar sin, leag an Chúirt béim air, de réir na Treorach Réime, go gceanglaítear ar dhéantóirí feithicle deimhniú comhréireachta a eisiúint chuig ceannaitheoir aonair feithicle. Deimhnítear, sa doiciméad éigeantach seo, chun críocha feithicil a chur i seirbhís, go gcomhlíonann sí gach gníomh rialála tráth a táirgthe. Dá réir sin, is féidir leis an dearbhú comhréireachta an ceannaitheoir sin a chosaint ar neamhchomhlíonadh ag an déantóir sin maidir lena oibleagáid feithiclí a chur ar an margadh a chomhlíonann Rialachán Uimh. 715/2007.

Thug sé seo ar an gCúirt teacht ar an gcinneadh **go mbunaítear nasc díreach idir déantóir na feithicle agus ceannaitheoir aonair mótarfheithicle chun a áirithiú go gcomhlíonann an mhótarfheithicil reachtaíocht ábhartha an Aontais**. Dá bhrí sin, tá an Chúirt den tuairim **go gcosnaítear** de bhreis ar leasanna ginearálta, **leasanna ar leith an cheannaitheora aonair mótarfheithicle *vis-à-vis* déantóir na feithicle sin i gcás ina bhfuil feiste sháraithe toirmiscthe feistithe ar an bhfeithicil sin**. **Tá dualgas ar na Ballstáit a fhoráil go bhfuil ceart ag ceannaitheoir mótarfheithicle atá feistithe le feiste sháraithe toirmiscthe chun cúiteamh a fháil ó dhéantóir na feithicle**.

In éagmais forálacha de dhlí an Aontais lena rialaítear na socruithe chun cúiteamh den sórt sin a fháil ag na ceannaitheoirí a bhfuil baint acu le feithicil den sórt sin a fháil, is faoi gach Ballstát atá sé na rialacha mionsonraithe sin a leagan síos. Mar sin, dearbhaíonn an Chúirt nach bhféadfaidh an reachtaíocht náisiúnta a fhágáil go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair cúiteamh leordhóthanach a fháil as damáiste arna dhéanamh don cheannaitheoir. Féadfar a rá chomh maith go bhfuil na cúirteanna náisiúnta i dteideal a áirithiú nach saibhreofar go héagórach iad siúd ar sealbhóirí cearta iad mar thoradh ar chosaint na gceart a ráthaítear le dlíchóras an Aontais. Sa chás seo, is faoi Chúirt Réigiúnach Ravensburg atá sé a fháil amach an áirithítear le hiontráil bharúlach an tsochair a fuair QB ó úsáid iarbhír na feithicle go bhfaigheann sé cúiteamh leordhóthanach as an damáiste iarbhír a d'fhulaing sé de dheasca feiste sháraithe atá toirmiscthe faoi dhlí an Aontais a bheith suiteáilte ina fheithicil.

**NÓTA:** Ligtear le tarchur chun réamhrialú do chúirteanna agus do bhinsí na mBallstát, i ndíospóidí a gcuirtear faoina mbráid, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais faoi léirmhíniú dhlí an Aontais Eorpaigh nó faoi bhailíocht gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid í féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta an cás a dhiúscairt de réir chinneadh na Cúirte, atá ceangailteach ar an gcaoi chéanna le cúirteanna nó binsí náisiúnta eile ina n-ardaítear saincheist den chineál céanna os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355

Is féidir íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106

**Stay Connected!**